Tuairim ó Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa maidir le Seirbhísí leasa ghinearálta a chomhchruthú mar rannchuidiú le daonlathas níos rannpháirtí san Aontas Eorpach

(tuairim féintionscnaimh)

(2022/C 486/11)

Rapóirtéir: **Krzysztof BALON**

Comhrapóirtéir: **Thomas KATTNIG**

Cinneadh ón Tionól Iomlánach	20.1.2022
Bunús dlí	Riail 52(2) de na Rialacha Nós Imeachta
	Tuairim féintionscnaimh
Rannóg atá freagrach	Iompar, Fuinneamh, Bonneagar agus an tSochaí Faisnéise
Dáta a glactha sa rannóg	7.9.2022
Dáta a glactha sa seisiún iomlánach	21.9.2022
Seisiún iomlánach Uimh.	572
Toradh na vótála	
(ar son/in aghaidh/staonadh)	226/0/2

1. **Conclúidí agus moltaí**

1.1. Tá comhchruthú seirbhísí leasa ghinearálta (SGInna) ag eagraíochtaí na sochaí sibhialta, agus ag na saoránaigh féin, ar cheann de na huirlisí is éifeachtaí le daonlathas rannpháirteach a spreagadh agus, ar an gcaoi sin, cur le comhtháthú na hEorpa. Sin an fáth a molann Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE), i gcomhthéacs na tuairime seo, bearta sonracha a thabhairt isteach chun feabhas a chur ar na creatchoinníollacha atá san Aontas Eorpach sa réimse sin, d'fhonn cur le cosaint chearta agus shochair na saoránach.

1.2. Le linn géarchéimeanna ar nós an ionsaithe is déanaí a rinne an Rúis ar an Úcráin, nuair a aslonnaíodh na milliúin daoine, mná agus leanaí go háirithe, tuigtear níos fearr an ról tábhachtach atá ag an tsochaí shibhialta de thoradh an chumais atá inti samhlacha agus nósanna imeachta an chomhchruthaithe a nascadh nó a chur chun feidhme ar an toirt, agus go rathúil freisin, go háirithe maidir le SGInna sóisialta agus oideachasúla, i réimsí ina bhfuil fíorthaithí cheana ar an gcomhchruthú.

1.3. San am a caitheadh, bhíodh seirbhísí sóisialta agus seirbhísí eile leasa ghinearálta á dtairiscint ag gníomhaithe na sochaí sibhialta i gcás nár bhraith údaráis phoiblí go raibh gá leo nó toisc nár mheas cuideachtaí tráchtála go raibh aon bhrabús le déanamh as iad a chur ar fáil. I bhformhór na gcásanna, is níos déanaí a ghlac an Stát an ról mar sholáthraí, mar chliant nó mar rialtóir, agus freisin mar ráthóir de cháilíocht na seirbhísí. Sa chomhthéacs sin, ní mór prionsabal na coimhdeachta idir na Ballstáit agus an tAontas Eorpach, a leagtar síos in Airteagal 5(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE), a chur i bhfeidhm freisin maidir le SGInna. Thairis sin, a mhéid a bhaineann le SGInna, ba cheart prionsabal na coimhdeachta a bheith ina threoirphrionsabal sa chaidreamh idir gach leibhéal de riarachán poiblí na mBallstát, agus idir údaráis phoiblí agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta chomh maith.

1.4. Cé go bhfuil an fhreagracht pholaitiúil as soláthar SGInna fós faoi chúram na n-oifigeach tofa sna comhlachtaí ionadaíocha ábhartha, a ndéanann na saoránaigh breithiúnas rialta orthu i dtoghcháin, is iad na húdaráis phoiblí a dhéanann maoirseacht ar sholáthar cuí SGInna. Tá CESE i bhfách le cur chun feidhme spriocdhírithe chur chuige an chomhchruthaithe. Ba cheart SGInna a fhorbairt i gcomhar leis na húsáideoirí, na pobail agus le heagraíochtaí na sochaí sibhialta lena áirithiú, sa chéad áit, go bhfreastalóidís ar fhíor-riachtanais an duine agus, sa dara háit, go n-éascóidís an daonlathas rannpháirteach. Is fíor sin go háirithe i gcásanna ina bhfuil fostaithe ar tuarastal ag obair i gcomhar le hoibrithe deonacha nó le struchtúir féinchabhrach.

1.5. Iarrtar ar na Ballstáit, dá bhrí sin, uirlisí a fhorbairt agus/nó a fheabhsú chun rannpháirtíocht na saoránach agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta a áirithiú sa phróiseas iomlán maidir le soláthar seirbhísí leasa ghinearálta. Mar chuid de sin, tá creatchoinníollacha cuí a leagan síos maidir le gníomhaíochtaí neamhbhrabúsacha an gheilleagair shóisialta, mar a leagtar amach sa tuairim ó CESE an 18 Meán Fómhair 2020 *Fiontair shóisialta neamhbhrabúsacha a neartú mar cholún bunriachtanach d'Eoraip atá cothrom go sóisialta* ([1]), agus Airteagal 77 de Threoir 2014/24/AE maidir le soláthar poiblí ([2]) a chur chun feidhme ar dhóigh a choinníonn conarthaí le haghaidh seirbhísí sláinte, sóisialta agus cultúrtha, mar aon le seirbhísí oideachais, mar atá liostaithe san Airteagal sin, d'eagraíochtaí neamhbhrabúsacha amháin.

1.6. Tá CESE á chur in iúl go mbraitheann soláthar ardcháilíochta seirbhísí leasa ghinearálta, ar mhaithe leis na saoránaigh agus leis an ngeilleagar, ar acmhainní leordhóthanacha, i.e. maoiniú agus pearsanra, a bheith ar fáil agus ar na hacmhainní sin a bheith curtha ar fáil.

1.7. Bíodh is gurb iad na Ballstáit, na réigiúin agus na bardais go príomha atá freagrach as na creatchoinníollacha maidir le SGInna a sholáthar agus, dá bhrí sin, a chomhchruthú, is den phráinn freisin na Ballstáit a spreagadh chun coincheapa an chomhdhearaidh a chur le chéile trí shraith uirlisí a chruthú lena n-éascófar úsáid shamhlacha an chomhchruthaithe. Le tionscnaimh den chineál sin, ba cheart na geallsealbhóirí ábhartha uile sna Ballstáit a spreagadh chun comhchruthú agus soláthar SGInna ag eagraíochtaí na sochaí sibhialta a chur chun cinn.

1.8. Tá CESE ag moladh don Choimisiún doiciméad oibre a fhoilsiú ar an ábhar sin, doiciméad a bheadh mar bhonn le tuilleadh oibre a dhéanamh agus a bheadh dírithe ar "sraith uirlisí" a chruthú, trínar cheart na húdaráis náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla a spreagadh agus a threorú chun úsáid níos fearr a bhaint as samhlacha an chomhchruthaithe. Ba cheart sa doiciméad sin machnamh a dhéanamh, i measc nithe eile, ar an gcomhchruthú i bhfianaise Airteagal 14 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) agus Phrótacal 26 a ghabhann le CAE agus CFAE, agus Colún Eorpach na gCeart Sóisialta, ról sonrach an gheilleagair shóisialta neamhbhrabúsaigh sa chomhchruthú agus na creatchoinníollacha is gá chun na críche sin á gcur san áireamh. Ba cheart a áireamh sa doiciméad freisin tograí le haghaidh tacaíocht AE agus náisiúnta do thionscadail nuálacha i réimse an chomhchruthaithe, agus aird á tabhairt ar ghnéithe taighde agus ar shraith dea-chleachtas san am céanna. Bunaithe ar an tsraith uirlisí a gcuirtear síos uirthi thuas, d'fhéadfaí páipéar uaine agus ansin páipéar bán a sheoladh tar éis comhairliúchán níos leithne ar leibhéal an Aontais.

1.9. Is é a dhéanfadh CESE fóram a chur ar bun chun smaointe agus dea-chleachtais sa réimse sin a mhalartú, fóram a mbeadh eagraíochtaí na sochaí sibhialta, na comhpháirtithe sóisialta, ollscoileanna agus tionscadail taighde rannpháirteach ann d'fhonn an próiseas plé a chothabháil agus a fhorbairt ar an leibhéal Eorpach.

2. **Cúlra**

2.1. Tá forbairt bhreise an daonlathais rannpháirtigh san Aontas Eorpach ar cheann de na dúshláin is mó a bhaineann le lánpháirtiú na hEorpa a neartú chun an pobalachas agus an náisiúnachas a chomhrac. Tá comhchruthú SGInna ag eagraíochtaí na sochaí sibhialta, agus ag na saoránaigh féin, ar cheann de na huirlisí is éifeachtaí leis an daonlathas rannpháirteach a spreagadh.

2.2. Le tamall de bhlianta anuas, tá CESE rannpháirteach i nuachóiriú agus i bhforbairt SGInna i gcomhar le geallsealbhóirí éagsúla ón tsochaí shibhialta agus ón saol acadúil agus taighde. Laistigh den Choiste féin, is é an Buanghrúpa um Sheirbhísí Leasa Ghinearálta is mó a bhíonn ag plé leis an obair sin.

2.3. In 2019, thosaigh CESE ag obair leis an gcuibhreannas um Chomhchruthú Nuálaíochta Seirbhísí san Eoraip (CoSIE) ([3]), atá comhdhéanta d'ollscoileanna, bardais agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta ó naoi mBallstát (an Eastóin, an Fhionlainn, an Ghréig, an Iodáil, an Ísiltír, an Pholainn, an Spáinn, an tSualainn agus an Ungáir) agus ón Ríocht Aontaithe. Rinne an Buanghrúpa um Sheirbhísí Leasa Ghinearálta obair leantach ar an taithí nuálach agus ar na conclúidí ón tionscadal CoSIE faoi scáth dhá sheimineár: "Comhchruthú na seirbhísí leasa ghinearálta: ról na saoránach agus a gcuid eagraíochtaí" a tionóladh sa Bhruiséil an 15 Aibreán 2021 agus "Na saoránaigh ag freastal ar a chéile: comhchruthú agus soláthar seirbhísí leasa ghinearálta ag eagraíochtaí na sochaí sibhialta" a tionóladh in Lublin na Polainne, an 1-2 Nollaig 2021 i gcomhar le cathair Lublin, seimineár a raibh comhpháirtithe ón Úcráin páirteach ann.

([1]) IO C 429, 11.12.2020, lch. 131. (Níl leagan Gaeilge ann).
([2]) https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:32014L0024&from=EN
([3]) https://cosie.turkuamk.fi

2.4. Tá dlúthnasc idir an comhchruthú agus díospóireachtaí níos leithne faoi athchóiriú na seirbhísí poiblí. Bhí paraidím na bainistíochta poiblí nua (*new public management* nó NPM) dírithe ar éifeachtacht a mhéadú, samhlacha bainistíochta ón earnáil phríobháideach a chur i bhfeidhm agus cur leis an gcaidreamh idir soláthraithe agus tomhaltóirí sna seirbhísí poiblí agus bhí riachtanais, éilimh agus roghanna na n-úsáideoirí seirbhísí ina dtúsphointe san obair sin. Ba shamhail cheannasach í sin sna 1990í agus sna 2000idí, ach cáineadh í toisc nach raibh sí chomh héifeachtach agus chomh héifeachtúil agus a rabhthas ag súil leis agus toisc go raibh acmhainneacht nuálaíochta theoranta inti ([4]). Tá treochtaí iar-NPM ("paradigmettes" ([5])) sa nuálaíocht seirbhísí poiblí bunaithe ar an saoránach gníomhach a bhfuil baint aige leis an táirgeadh seachas ar an tomhaltóir aonair éighníomhach atá ar mhaithe leis féin. Ar a mhuin sin, tá siad dírithe ar fheabhas a chur ar an gcomhtháthú agus an comhordú idir líonraí grúpaí úsáideoirí agus geallsealbhóirí seachas ar an díscaoileadh a chothú. Meastar go bhfuil an comhchruthú ina phríomhchoincheap sna samhlacha iar-NPM ([6]).

2.5. Léiríonn torthaí na hoibre atá déanta ag CESE sa réimse sin go dtí seo go gcuireann comhchruthú agus soláthar SGInna ag saoránaigh agus a n-eagraíochtaí dlús leis an daonlathas rannpháirteach agus go bhforbraítear an geilleagar sóisialta san Aontas freisin, agus sin sa bhreis ar na róil ríthábhachtacha eile atá ag SGInna mar chumasóirí fíor-riachtanacha do gach gníomhaíocht eile sa tsochaí.

3. **Seirbhísí leasa ghinearálta**

3.1. I gcomhthéacs na lánpháirtíochta Eorpaí, a bhfuil an teannas idir "aontacht" agus "éagsúlacht" ina pháirt lárnach di, forbraíodh coincheap nua le haghaidh na seirbhísí sin a rialaítear le rialacha sonracha agus caighdeáin shonracha. Is é an aidhm atá ann a áirithiú go mbeidh rochtain ag gach saoránach agus ag gach geallsealbhóir ar na seirbhísí bunriachtanacha sin ar a bhfuil saol díniteach an duine bunaithe agus atá agus a bheidh ríthábhachtach i gcónaí le haghaidh na rannpháirtíochta sa tsochaí, is iad sin seirbhísí leasa ghinearálta (SGInna). Is féidir SGInna a sholáthar i suíomhanna éagsúla, bíodh sin ar mhargaí iomaíocha mar sheirbhísí leasa eacnamaíoch ghinearálta nó mar sheirbhísí leasa neamheacnamaíoch ghinearálta nach féidir a sholáthar ar na margaí sin. Déanann an Coimisiún idirdhealú ([7]) idir seirbhísí leasa eacnamaíoch ghinearálta (SGEInna), seirbhísí neamheacnamaíocha agus seirbhísí sóisialta leasa ghinearálta (eacnamaíoch nó neamheacnamaíoch). Tá feidhm ag Airteagal 106 CFAE maidir le seirbhísí leasa eacnamaíoch ghinearálta ([8]) nó maidir le seirbhísí eacnamaíocha.

3.2. Feabhsaíodh agus soiléiríodh an coincheap sin de réir a chéile.

3.2.1 Is cuid de chomhluachanna na hEorpa iad na SGInna agus tá ról acu maidir leis an gcomhtháthú sóisialta agus críochach a chur chun cinn san Aontas Eorpach ([9]). I dtaca leis sin, tá CESE ag meabhrú chomhluachanna an Aontais maidir le seirbhísí leasa eacnamaíoch ghinearálta de réir bhrí Airteagal 14 CFAE, mar atá leagtha amach i bPrótacal Uimh. 26 maidir le seirbhísí leasa ghinearálta atá i gceangal le CAE agus CFAE. Má dhéantar tuilleadh forbartha ar na prionsabail a leagtar amach sa doiciméad seo, d'fhéadfadh sé go gcuirfí leis an éifeachtúlacht agus go gcuirfí deireadh leis na lochtanna.

3.2.2 Tá trí ghné i gceist leis na comhluachanna sin: an chumhacht lánroghnach atá ag na húdaráis náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla maidir le riachtanais na n-úsáideoirí a shásamh; an meas ar an éagsúlacht agus ar na difríochtaí maidir le riachtanais, tosaíochtaí agus roghanna daonlathacha na n-úsáideoirí, agus ar chásanna geografacha, sóisialta agus cultúrtha éagsúla; ardleibhéal cáilíochta, sábháilteachta agus inacmhainneachta, an chóir chomhionann agus cur chun cinn na rochtana uiliche agus chearta an úsáideora ([10]).

3.2.3 Tá na seirbhísí sin ina gcuid bhunriachtanach de chórais eacnamaíocha agus shóisialta Bhallstáit an Aontais agus is cuid thábhachtach iad, ar an iomlán, den mhúnla sóisialta Eorpach. Tá saoránaigh agus gnólachtaí Eorpacha ag súil, mar is ceart, le raon leathan seirbhísí iontaofa, cobhsaí agus éifeachtúla leasa (eacnamaíoch) ghinearálta a bheith ar fáil ar ardchaighdeán agus ar phraghas réasúnta. Cinntítear leis na seirbhísí sin gur féidir freastal ar riachtanais agus leasanna comhchoiteanna, mar atá, misin ar mhaithe le leas an phobail. Tá CESE á chur in iúl go soiléir go mbraitheann soláthar ardcháilíochta na seirbhísí bunriachtanacha sin, ar mhaithe leis na saoránaigh agus leis an ngeilleagar, ar acmhainní leordhóthanacha, i.e. maoiniú agus pearsanra, a bheith ar fáil agus ar na hacmhainní sin a bheith curtha ar fáil.

([4]) Drechsler, W. (2009) "Towards a Neo-Weberian European Union? Lisbon agenda and public administration", *Halduskultuur-Administrative Culture*, 2009, 10(1), 6-21.

([5]) Çolak, Ç. D. (2019), "Why the new public management is obsolete: an analysis in the context of the post-new public management trends", *Croatian and Comparative Public*, 2019, 19(4), 517-536, https://doi.org/10.31297/hkju.19.4.1.

([6]) Torfing, J., Sørensen, E., & Røiseland, A. (2019), "Transforming the public sector into an arena for co-creation: Barriers, drivers, benefits and ways forward", *Administration & Society*, 2019, 51(5), 795-825, https://doi.org/10.1177/0095399716680057.

([7]) https://ec.europa.eu/info/topics/single-market/services-general-interest_ga

([8]) Tá sé sin leagtha síos cheana féin i gConradh na Róimhe; Airteagal 106 CFAE faoi láthair.

([9]) CFAE – Forálacha ginearálta, Airteagal 14.

([10]) Prótacal Uimh. 26 a ghabhann le CAE agus CFAE.

3.2.4 Ceart bunúsach ([11]) is ea an rochtain ar SGEInna agus áirítear an ceart sin i gColún Eorpach na gCeart Sóisialta ([12]). Siúd is go dtagraítear go sainráite i bPrionsabal 20 den Cholún do SGInna "bunriachtanacha", cumhdaítear le prionsabail eile den Cholún seirbhísí tábhachtacha leasa ghinearálta amhail an t-oideachas, an tithíocht agus cúnamh do dhaoine gan dídean, an cúram fadtéarmach, cuimsiú daoine faoi mhíchumas agus an cúram sláinte, etc.

3.2.5 Níl rialacha an mhargaidh aonair ná na hiomaíochta infheidhme maidir le seirbhísí neamheacnamaíocha leasa ghinearálta; níl ach prionsabail ghinearálta an Aontais Eorpaigh infheidhme maidir leo (an trédhearcacht, an neamh-idirdhealú, an chóir chomhionann, an chomhréireacht) ([13]).

3.2.6 Féachfaidh an tAontas agus na Ballstáit chuige "go n-oibreoidh seirbhísí den sórt sin ar bhonn prionsabail agus coinníollacha, go háirithe coinníollacha eacnamaíocha agus airgeadais, a chumasaíonn dóibh a gcúraimí a chomhall" ([14]).

3.2.7 Bíonn seirbhísí leasa eacnamaíoch ghinearálta faoi réir fhorálacha na gConarthaí, go háirithe na rialacha maidir le hiomaíocht, a mhéid nach gcuireann cur i bhfeidhm na rialacha sin bac ar chomhlíonadh, ó dhlí nó ó ghníomh, na gcúraimí áirithe a ceapadh dóibh ([15]).

3.3. Is é is cuspóir do SGInna freastal ar riachtanais na saoránach agus na ngeallsealbhóirí uile, agus a bhforbairt san am agus sa spás á cur san áireamh. Is rud dinimiciúil atá iontu go bunúsach. Is féidir baint a bheith acu le réimsí amhail an tsábháilteacht agus an tslándáil, an tsláinte, seirbhísí sóisialta – lena n-áirítear cuimsiú daoine faoi mhíchumas, an cúram fadtéarmach agus an tithíocht shóisialta ([16]) – agus an t-oideachas, maille leis na seirbhísí bunriachtanacha a luaitear go sainráite i bPrionsabal 20 de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta ([17]).

3.4. A mhéid a bhaineann le SGInna, leagtar síos prionsabal na coimhdeachta idir na Ballstáit agus an tAontas Eorpach in Airteagal 5(3) CAE. Tá creat ginearálta prionsabal leagtha amach ag an Aontas, creat atá dírithe ar riachtanais na saoránach uile agus na ngníomhaithe eacnamaíocha agus sóisialta uile a shásamh. Is faoi na Ballstáit agus na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha atá sé na SGInna a shainiú agus a chur chun feidhme. Thairis sin, a mhéid a bhaineann le SGInna, ba cheart prionsabal na coimhdeachta a bheith ina threoirphrionsabal sa chaidreamh idir gach leibhéal de riarachán poiblí na mBallstát, agus idir údaráis phoiblí agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta chomh maith.

3.5. Bíonn a lán gnéithe éagsúla le cur san áireamh agus SGInna á soláthar, gnéithe a thagann salach ar a chéile, uaireanta. Ina measc tá cearta bunúsacha a ráthú; cuspóirí áitiúla maidir le comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach; cuspóirí maidir le forbairt inbhuanaithe, cosaint an chomhshaoil agus an comhrac i gcoinne an athraithe aeráide; agus rialacha maidir leis an ngeilleagar sóisialta margaidh, maidir leis an margadh aonair agus rialacha iomaíochta a chur chun feidhme. Ní mór cothromaíocht a aimsiú de réir a chéile cás ar chás, ar dhóigh phragmatach agus le rannpháirtíocht na ngeallsealbhóirí uile, má táthar chun freastal ar riachtanais gach duine aonair agus gach pobail.

4. **Seirbhísí leasa ghinearálta a chomhchruthú**

4.1. Bhíodh seirbhísí sóisialta agus seirbhísí eile leasa ghinearálta á dtairiscint i gcónaí ag gníomhaithe na sochaí sibhialta, toisc nár bhraith údaráis phoiblí go raibh gá leo nó toisc nár mheas cuideachtaí tráchtála go raibh aon bhrabús le déanamh as iad a chur ar fáil. I bhformhór na gcásanna, is níos déanaí a ghlac an Stát an ról mar sholáthraí nó mar rialtóir, agus freisin mar ráthóir de cháilíocht na seirbhísí.

4.2. Cuireann na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha a gcuid seirbhísí leasa ghinearálta féin ar fáil, sin nó déanann siad iad a choimisiúnú. Cé go bhfuil an fhreagracht pholaitiúil faoi chúram na n-oifigeach tofa sna rialtais sin, a ndéanann na saoránaigh breithiúnas rialta orthu i dtoghcháin, is iad na húdaráis phoiblí a dhéanann maoirseacht ar sholáthar cuí na SGInna. Tá dhá chur chuige éagsúla is féidir a ghlacadh, mar atá, ón mbarr síos, is é sin tionscnaimh de chuid na n-údarás náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil, nó ón mbun aníos, is é sin an comhchruthú ina bhfuil páirt ag na saoránaigh agus/nó ag eagraíochtaí na sochaí sibhialta. Is é an dara cur chuige atá faoi chaibidil sa tuairim seo. Tá CESE i bhfách le cur chun feidhme leathan chur chuige an chomhchruthaithe, is é sin gur cheart SGInna a fhorbairt i gcomhar leis na húsáideoirí, na pobail agus le heagraíochtaí na sochaí sibhialta lena áirithiú, sa chéad áit, go bhfreastalóidís ar riachtanais an duine agus, sa dara háit, go n-éascóidís an daonlathas rannpháirteach.

([11]) Airteagal 36 den Chairt um Chearta Bunúsacha.
([12]) Pointe 20 den Cholún.
([13]) Prótacal Uimh. 26 a ghabhann le CAE agus CFAE.
([14]) Airteagal 14 CFAE.
([15]) Airteagal 106 CFAE.
([16]) I bhfianaise na géarchéime tithíochta atá ag dul in olcas i roinnt mhaith Ballstát, tá tithíocht inacmhainne freisin ina seirbhís bhunriachtanach, murab ionann is riamh.
([17]) Uisce, sláintíocht, fuinneamh, iompar, seirbhísí airgeadais agus an chumarsáid dhigiteach.

4.3. Mar sin féin, is ag brath ar an gcomhthéacs atá réimsí agus leibhéal chur chun feidhme an chomhchruthaithe. Níl gach seirbhís, pobal ná soláthraí seirbhíse – go háirithe iad siúd i réimsí an bhonneagair chriticiúil amhail soláthar fuinnimh agus uisce – oiriúnach do bhealach úrnua chun seirbhísí a sholáthar agus freagrachtaí a roinnt, ach is iontach an sásamh é gach iarracht a dhéantar i dtreo cumhacht na comhchinnteoireachta a fheabhsú agus réitigh éifeachtacha a chothú ar bhealach comhoibríoch. D'fhonn cur le rannpháirtíocht na n-úsáideoirí, d'fhéadfaí leas a bhaint as an gcoincheap "dréimire an chomhchruthaithe" (*ladder of co-creation*) ([18]), arb é atá i gceist leis leibhéil éagsúla rannpháirtíochta córasaí ó ghníomhaithe ábhartha poiblí agus príobháideacha, ag tosú ón leibhéal rannpháirtíochta is ísle (i.e. nuair atá sé mar aidhm ag gníomhaireachtaí poiblí na saoránaigh a chumhachtú chun cur lena gcumas a bheith i gceannas ar a saol féin agus iad a spreagadh chun na seirbhísí a chuireann an earnáil phoiblí ar fáil dóibh a chomhchruthú) go dtí an leibhéal is airde (nuair a éascaítear nuálaíocht chomhoibríoch bunaithe ar chlár oibre comhpháirteach a shocrú agus sainiú fadhbanna, ar dhearadh comhpháirteach agus ar thástáil réiteach nua agus réiteach nár baineadh triail astu go fóill, mar aon le cur chun feidhme comhordaithe bunaithe ar réitigh phoiblí agus phríobháideacha).

4.4. Is réamhriachtanas don chomhchruthú é bealaí oibre a ghlacadh atá bunaithe ar láidreachtaí nó ar bhuanna an duine nó an phobail. Le cur chuige bunaithe ar bhuanna, úsáidtear acmhainní (ábhair agus neamhábhair), cumais agus mianta na n-úsáideoirí seirbhísí seachas díreach a gcuid riachtanas a thaifeadadh agus a shásamh. Leis an gcur chuige sin, glactar leis go mbíonn buanna luachmhara nach n-aithnítear go minic ag gach saoránach (cultúr, am, taithí saoil agus foghlama, fios gnó praiticiúil, líonraí, scileanna, smaointe) lena bhféadfaidís cur le forbairt agus soláthar seirbhísí. Tá roinnt modhanna éagsúla ann ar féidir leas a bhaint astu sa tsraith uirlisí do phróiseas an chomhchruthaithe, e.g. suirbhéanna ar shástacht (amhail i réimse na ríomhthráchtála) agus pobalbhreitheanna, agus na bealaí éagsúla a úsáidtear chun tuairimí a chur in iúl trí uirlisí digiteacha, grúpaí fócais agus painéil, maille le modhanna rannpháirtíochta (e.g. haiceatóin shóisialta, teicneolaíochtaí spáis oscailte, LivingLabs, caiféanna domhanda, treoirphleananna seirbhíse, smaointeoireacht deartha, turais úsáideoirí agus uirlisí rannpháirtíochta éagsúla ar líne).

4.5. Ní réiteach teicniúil é an comhchruthú, áfach, agus ní féidir é a chur chun feidhme trí mhodh amháin. Is cur chuige é is gá a ghlacadh ag céimeanna éagsúla de dhearadh agus soláthar seirbhísí. Sna foirmeacha is radacaí di, baineann an tsraith uirlisí le cineálacha comhrialachais lena gcuirtear chun cinn aistriú cumhachta agus, in amanna, aistriú úinéireachta seirbhísí chuig daoine agus chuig pobail. Áirítear leis sin rannpháirtíocht fhoirmiúil daoine a bhfuil fíorthaithí acu maidir le comhaontuithe rialachais, comhaontuithe cómhalartacha, comharchumainn agus eagraíochtaí pobail.

4.6. I bpróiseas an chomhchruthaithe is gá cuireadh a thabhairt do gach grúpa úsáideoirí féideartha chun bheith páirteach ann ionas gur féidir leo a leasanna féin a chur in iúl. D'fhéadfadh próisis neamhdhaonlathacha a bheith mar thoradh ar rannpháirtíocht chlaonta atá i bhfabhar na saoránach sin a bhfuil níos mó acmhainní acu agus atá níos toilteanaí a bheith rannpháirteach.

4.7. Réamhriachtanas eile den chomhchruthú is ea iontaoibh a bheith idir rannpháirtithe sa phróiseas, iontaoibh nach féidir a chothú idir soláthraithe seirbhíse agus páirtithe leasmhara ach amháin má tá trédhearcacht ann faoin méid ba cheart a bhaint amach leis an tseirbhís trí phróisis an chomhchruthaithe lena mbaineann agus a mhéid a chuirtear na rannpháirtithe ar an eolas faoi scóip agus clúdach na seirbhíse ([19]).

4.8. Ba cheart dul i mbun an chomhchruthaithe i gcónaí chun riachtanais náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla a phleanáil. Is gá na neamhréireachtaí idir na próifílí éagsúla riachtanas a chur san áireamh i gcónaí. A luaithe a dhéantar na riachtanais sin a thaifeadadh, is féidir díospóireachtaí poiblí a dhéanamh faoin gcaoi le tosaíocht a thabhairt dóibh agus le critéir a sholáthar a bheidh le húsáid ag na comhlachtaí ábhartha idirghabhála agus cinnteoireachta chun soláthar agus inrochtaineacht ardcháilíochta agus iontaofa, cóir chomhionann agus urraim do chearta úsáideoirí a áirithiú. Go deimhin, is é an sochar don tsochaí ina hiomláine an sprioc dheiridh ba cheart a bheith le SGInna. Níor cheart go dtiocfadh de thaisme de phróiseas an chomhchruthaithe, in imthosca ar bith, laghdú ar cháilíocht na seirbhísí, ardú ar an bpraghas nach bhfuil údar maith leis nó laghdú ar an rochtain ar sheirbhísí.

4.9. Is idirghníomhú dinimiciúil idir soláthraithe seirbhíse, úsáideoirí seirbhíse agus geallsealbhóirí eile é an comhchruthú a bhfuil céimeanna féideartha éagsúla i gceist leis:

4.9.1 comhthionscnamh: spriocanna agus cuspóirí na seirbhísí aonair a chinneadh go comhpháirteach ó thús an phróisis;

([18]) Torfing, J., Sørensen, E., & Røiseland, A. (2019), "Transforming the public sector into an arena for co-creation: Barriers, drivers, benefits and ways forward", *Administration & Society*, 2019, 51(5), 795-825, https://doi.org/10.1177/0095399716680057.

([19]) https://cosie.turkuamk.fi/arkisto/index.html

4.9.2 rannpháirtíocht na ngeallsealbhóirí: gníomhaithe nua (úsáideoirí, cliaint, seachadóirí seirbhíse) a chuimsiú sa phróiseas agus iad a bheith gníomhach sa phróiseas iomlán;

4.9.3 comhdhearadh: an tseirbhís a dhearadh go comhpháirteach;

4.9.4 cur chun feidhme comhpháirteach: seirbhísí a sholáthar go comhpháirteach;

4.9.5 comhbhainistiú: seirbhísí a eagrú agus a bhainistiú go comhpháirteach;

4.9.6 comhrialachas: beartais a cheapadh go comhpháirteach;

4.9.7 comh-mheastóireacht: measúnú comhpháirteach a dhéanamh ar éifeachtacht agus éifeachtúlacht seirbhísí nó ar na cinntí a dhéantar bunaithe ar shraith critéar.

4.10. Sa chomhthéacs sin, is fiú a lua go bhfuil samhlacha nuálacha ann cheana féin nach féidir seirbhís phoiblí a sholáthar iontu gan rannpháirtíocht ghníomhach na n-úsáideoirí ([20]).

4.11. Tá sé ríthábhachtach go bhforbrófaí SGInna mar chuid d'iarracht chomhoibríoch le húsáideoirí, le pobail agus le heagraíochtaí na sochaí sibhialta lena áirithiú go gcuirfidh siad leis an luach a bhaineann le tairiscintí SGInna, i.e. folláine níos mó nó comhthuiscint ar an leas coiteann a d'fhéadfadh a bheith mar bhonn taca faoi fhorbairt beartas, straitéisí agus seirbhísí. I bpróiseas forbartha comhsheirbhíse, bíonn daoine a úsáideann seirbhísí ag obair i gcomhar leis na gairmithe chun seirbhísí a dhearadh, a chruthú agus a sholáthar ([21]). Dá bhrí sin, sa phróiseas seo, bíonn forluí idir na róil atá ag an nuálaí, an soláthraí seirbhíse agus an t-úsáideoir seirbhíse.

4.12. Baineann breisluach an chomhchruthaithe i ngach cás leis an gcomhar gníomhach idir na húdaráis phoiblí a bhfuil freagracht dhlíthiúil nó pholaitiúil orthu as soláthar SGInna, na soláthraithe seirbhíse agus na húsáideoirí, ar cheart dóibh a bheith rannpháirteach i bpróiseas daonlathach an chomhchruthaithe. Ar an gcaoi sin, feabhsaíonn an comhchruthú dlisteanacht dhaonlathach na gcinntí polaitiúla.

4.13. A bhuí leis an mbreisluach sin, cuirtear go háirithe leis an rannpháirtíocht dhaonlathach nuair is eagraíochtaí sochaí sibhialta iad na soláthraithe seirbhíse, sin nó más ón ngeilleagar sóisialta neamhbhrabúsach iad, toisc go gcomhoibríonn an fhoireann lánaimseartha le hoibrithe deonacha nó le struchtúir féinchabhrach, nó nuair is féidir le heagraíochtaí na sochaí sibhialta a dhéanann ionadaíocht ar leasanna úsáideoirí fíorthionchar a imirt ar sholáthraithe seirbhíse poiblí nó príobháideacha. Lena chois sin, tá gné mhorálta i gceist freisin sa chomhchruthú; neartaítear pobail, an spiorad foirne agus an iontaoibh idir na gníomhaithe ([22]).

4.14. Is follas an méid sin freisin le linn géarchéimeanna. Sampla a bhí ann le déanaí is ea eagraíochtaí na sochaí sibhialta a chuireann seirbhísí ar fáil (go háirithe sna réimsí sóisialta agus oideachais) do dhídeanaithe cogaidh ón Úcráin agus i gcomhar leis na dídeanaithe sin. Bhí cumas na sochaí sibhialta gníomhú ar an toirt ríthábhachtach ina leith sin, nuair a d'éirigh leo samhlacha agus nósanna imeachta an chomhchruthaithe a chur chun feidhme go tapa, agus go rathúil, rud a bhí indéanta i gcríocha inarbh fhéidir próisis an chomhchruthaithe a chur i bhfeidhm cheana féin.

5. **Tionscnaimh bheartais ar an leibhéal Eorpach**

5.1. Cé gur faoi na Ballstáit, na réigiúin agus na bardais go príomha atá cúram na gcreatchoinníollacha maidir le soláthar SGInna, agus comhchruthú SGInna, tá géarghá freisin leis na húdaráis náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla a spreagadh a ndóthain tacaíochta a chur ar fáil le gur féidir leo seirbhísí ardcháilíochta leasa ghinearálta a sholáthar. Chuige sin, tá géarghá ann na Ballstáit a spreagadh chun coincheapa an chomhdhearaidh a fhorbairt trí shraith uirlisí a chruthú lena n-éascófar úsáid shamhlacha an chomhdhearaidh. Trí thionscnaimh dá leithéid, ba cheart na geallsealbhóirí ábhartha uile sna Ballstáit a spreagadh chun comhchruthú agus soláthar SGInna ag eagraíochtaí na sochaí sibhialta a chur chun cinn. Is é is cúis leis sin, go pointe áirithe, go gcabhraíonn cur chuige an chomhchruthaithe go mór le seirbhísí a chur in oiriúint do riachtanais atá ag athrú, agus iad a nuachóiriú agus a chur in oiriúint don todhchaí.

([20]) Mar shampla, "services publics partagés" (seirbhísí poiblí comhroinnte) sa Fhrainc: https://service-public-partage.fr/.
([21]) Social Care Institute of Excellence (2015) *Co-production in social care: what it is and how to do it?*, Treoir SCIE 51.
([22]) C. Fox et al. (2021) *A New Agenda for Co-Creating Public Services,* Ollscoil na nEolaíochtaí Feidhmeacha, Turku, https://julkaisut.turkuamk.fi/isbn9789522167842.pdf

5.2. Chun na críche sin, tá CESE ag iarraidh ar an gCoimisiún Eorpach cur chuige trasearnála a ghlacadh, agus na réimsí éagsúla inniúlachta agus na geallsealbhóirí uile á gcur san áireamh, d'fhonn sraith uirlisí a fhorbairt ina mbeadh foirmeacha éagsúla den chomhchruthú, na treoirthionscadail a cuireadh i gcrích agus an tátal is féidir a bhaint as na tionscadail sin.

5.3. Go sonrach, tá CESE ag moladh don Choimisiún doiciméad oibre a fhoilsiú ar an ábhar sin, doiciméad a bheadh mar bhonn le tuilleadh oibre a dhéanamh agus a bheadh dírithe ar "sraith uirlisí" a chruthú, trínar cheart na húdaráis náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla a spreagadh agus a threorú chun úsáid níos fearr a bhaint as samhlacha an chomhchruthaithe. Ba cheart sa doiciméad sin, i measc nithe eile, machnamh a dhéanamh ar an gcomhchruthú i bhfianaise Airteagal 14 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) agus Phrótacal 26 a ghabhann le CAE agus CFAE, agus Colún Eorpach na gCeart Sóisialta, ról sonrach an gheilleagair shóisialta neamhbhrabúsaigh sa chomhchruthú agus na creatchoinníollacha is gá chun na críche sin á gcur san áireamh, faoi mar a leagtar amach sa tuairim ó CESE an 18 Meán Fómhair 2020 *Fiontair shóisialta neamhbhrabúsacha a neartú mar cholún bunriachtanach d'Eoraip atá cothrom go sóisialta* ([23]). Thairis sin, ba cheart tagairt a dhéanamh sa doiciméad do chur chun feidhme Airteagal 77 de Threoir 2014/24/AE maidir le soláthar poiblí ([24]) ar dhóigh a choinníonn conarthaí le haghaidh seirbhísí sláinte, sóisialta agus cultúrtha, mar aon le seirbhísí oideachais, mar atá liostaithe san Airteagal sin, d'eagraíochtaí neamhbhrabúsacha amháin. De bhreis air sin, ba cheart a áireamh sa doiciméad freisin tograí le haghaidh tacaíocht AE agus náisiúnta do thionscadail nuálacha i réimse an chomhchruthaithe, agus aird á tabhairt ar ghnéithe taighde agus ar shraith dea-chleachtas san am céanna. Bunaithe ar an tsraith uirlisí a gcuirtear síos uirthi thuas, d'fhéadfaí páipéar uaine agus ansin páipéar bán a sheoladh tar éis comhairliúchán níos leithne ar leibhéal an Aontais.

5.4. Is é a dhéanfadh CESE fóram a chur ar bun chun smaointe agus dea-chleachtais sa réimse sin a mhalartú, fóram a mbeidh eagraíochtaí na sochaí sibhialta, ollscoileanna agus tionscadail taighde rannpháirteach ann d'fhonn an próiseas plé a chothabháil agus a fhorbairt ar an leibhéal Eorpach.

An Bhruiséil, 21 Meán Fómhair 2022.

Uachtarán
Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa
Christa SCHWENG

([23]) IO C 429, 11.12.2020, lch. 131 (níl leagan Gaeilge ann).
([24]) https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:32014L0024&from=EN